# Glao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm, Déardaoin, an 27 Iúil 2023

## Maidir leis an gcáipéis seo

Mínítear sa cháipéis seo:

- Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoin gCompántas Damhsa Nua
- An dóigh a ndéanaimid d’iarratas a mheasúnú agus a chinneadh
- An dóigh le d’iarratas a dhéanamh
- An dóigh a bpróiseálaimid d’iarratas.

Is mar thoradh ar ár dtiomantas mar chuid dár straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, agus ár mbeartas damhsa *Rince Chun Cinn 2022-2025* chun critéir shoiléire um maoiniú a chur ar fáil d’iarratasóirí atá an cháipéis seo againn. Tá súil againn go mbeidh sé ina chuidiú agat chun iarratas láidir a ullmhú agus a chur isteach.

| | |
|---|---|
| Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas a dhéanamh | **5.30pm, Déardaoin, an 27 Iúil 2023** |

Déan d’iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

## CLÁR

**Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** 5

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 6

**1. Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoin nGlao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua.** 7

1.1 Maidir leis an nGlao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua 7

1.2 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana? 8

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 8

1.4 Cé hé nó hí an t-iarratasóir? 9

1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 10

1.6 Cad í an tréimhse mhaoinithe lena mbaineann an clár? 10

1.7 Cad é an t-uasmhéid maoinithe ar féidir iarratas a dhéanamh air? 10

1.8 Cad iad na gníomhaíochtaí ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith? 10

1.9 Cé na gníomhaíochtaí nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith? 11

1.10 Cé na costais ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith? 12

1.11 Cé na costais nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith? 13

1.12 Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh? 13

1.13 Céim 1 & 2 13

1.14 Próiseas iarratais agus roghnúcháin 16

1.15 Incháilitheacht 16

**2. An dóigh a ndéanaimid d'iarratas a mheasúnú agus a scóráil** 18

2.1 Critéar 1: Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon 18

2.2 Critéar 2: Rannpháirtíocht 18

2.3 Critéar 3: Cumas eagraíochta 19

2.4 Critéar 4: A mhéid a d'fhéadfadh an togra a bheith ríthábhachtach do bhonneagar na n-ealaíon 19

2.5 Critéar 5: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht 20

2.6 Conas a chinntear na scóir? 21

2.7 An bhaint atá ag scóir le tairiscintí maoinithe 22

2.8 Comhaontuithe maoinithe, lena n-áirítear Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Cúnamh Airgeadais d'iarratasóirí rathúla 22

**3. D'iarratas a dhéanamh** 24

3.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 24

3.2 Déan an fhoirm iarratais a íoslódáil 25

3.3 Líon isteach an fhoirm iarratais 26
3.4 Ullmhaigh an t-ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 27
3.5 Athbhreithnigh an seicliosta don iarratas 29
3.6 Iarratas a dhéanamh ar líne 29
**4. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil 31**

## Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- Tá faisnéis thábhachtach sa cháipéis seo faoin gCompántas Damhsa Nua agus faoin tslí le hiarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d’iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.

Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

- ☐ Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
- ☐ Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil.
- ☐ Tá gach rannán den fhoirm iarratais a bhaineann le m’iarratas comhlánaithe agam.
- ☐ Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoirlínte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- ☐ D’iarr mé ar dhuine éigin eile m’iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

**NÓTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01-618 0219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) **trí seachtaine ar a laghad** roimh an spriocdháta.

# 1. Cad ba cheart a bheith ar eolas agat faoin nGlao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas a dhéanamh ná **5.30pm, Déardaoin, an 27 Iúil 2023**

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

Tugtar faisnéis chúlra duit sa rannán seo faoin nGlao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua.

## 1.1 Maidir leis an nGlao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua

Is tionscnamh de chuid Comhairle Ealaíon na hÉireann é seo, chomh maith le toradh Bheartas Damhsa na Comhairle Ealaíon, *Rince Chun Cinn 2022-2025.*

Is cuspóir dár gcuid é go dtabharfaidh an togra rathúil faoi ghníomhaíochtaí a dhéantar ar bhonn uile-oileáin. Ar mhaithe le tacú leis an gcur chuige seo, táthar ag súil go bhféachfaidh an compántas seo le comhoibriú leis an gComhairle Ealaíon i dTuaisceart Éireann agus le gníomhaireachtaí maoinithe eile i dTuaisceart Éireann.

Is é aidhm an phróisis seo ná:

(a) An soláthraí is oiriúnaí a aithint trí phróiseas iarratais oscailte chun compántas damhsa ar fud an oileáin a chruthú agus a bhainistiú le cumhacht idirnáisiúnta.

(b) Beidh sé mar bhunús le comhaontú Maoinithe Straitéisigh ilbhliantúil leis an soláthraí sin maidir le clár ar leith agus é de rún go mbronnfar aon mhaoiniú amach anseo laistigh de Mhaoiniú Straitéiseach ina dhiaidh sin.

Is leis na príomhspriocanna a fhaightear i straitéis na Comhairle Ealaíon a mhúnlaítear an straitéis seo, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* agus beartas damhsa na Comhairle Ealaíon, Rince Chun Cinn 2022–2025 ina bhféachtar le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairmréim chun saothar den scoth a chruthú lena mealltar an pobal go forleathan agus go grinn. Ba cheart d'iarratasóirí féideartha iad féin a chur ar an eolas faoin dá dhoiciméad thábhachtacha sin a thugann comhthéacs.

I gcomhthéacs thosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon maidir leis an ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail, ba cheart gurb iad seo a leanas na príomhchuspóirí maidir le pleanáil agus eagrú chlár léiriúcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara an chompántais nua:

(a) Ba cheart dó cur go cuí le forbairt gairmithe damhsa agus le forbairt na foirme ealaíne in Éirinn.

(b) Lucht féachana/éisteachta a dhaingniú, a fhás agus a éagsúlú le haghaidh damhsa sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

### 1.2 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana?

Is iad cuspóirí agus tosaíochtaí an tionscnaimh seo ná príomhchompántas damhsa neamhspleách nua a bhunú, atá tiomanta i dtreo léiriú damhsa ar gach scála, fostú rinceoirí a choimisiúnú, chomh maith le camchuairteanna náisiúnta, Thuaidh/Theas agus idirnáisiúnta.

Déanfaidh an compántas nua ceiliúradh ar ealaín an damhsa a chur chun cinn mar cheann de láidreachtaí agus buanna comhaimseartha oileán na hÉireann. Beidh comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht neadaithe ar fud an chompántais agus a chuid saothair.

Nuair a bheidh sé bunaithe, d'fhéadfadh an compántas: saothar nua agus athbheochan an tsaothair atá ann cheana a choimisiúnú, saothar damhsa a tháirgeadh ar fud gach scála, damhsóirí a fhostú, lucht féachana/éisteachta a thógáil le haghaidh damhsa, dul ar camchuairt ar fud an oileáin agus go hidirnáisiúnta, tacú le forbairt tallainne agus rannpháirtíocht le damhsa a chur chun cinn ag réimse leibhéal.

### 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an Glao ar Thograí Do Chompántas Damhsa Nua oscailte do:

- Beirt iarratasóirí nó aonáin chomhoibríocha ar a laghad (iarratais chomhpháirteacha, ní mór do dhuine amháin feidhmiú mar an t-iarratasóir ainmnithe) agus má roghnaítear ní mór dó a bheith tiomanta do bheith ina CLG.
- Eagraíochtaí a bhunaítear dlíthiúil, lena n-áirítear compántais faoi theorainn ráthaíochta (CLG), agus comhpháirtíochtaí (De réir an tuisceana má éiríonn leo sa togra seo, beidh eintiteas/eagraíocht/comharghrúpa nua á bhunú acu). [1]

**Tabhair faoi deara:** is féidir le heagraíochtaí maoinithe a fhaigheann Maoiniú Deontais Ealaíon, Maoiniú Straitéiseach nó Maoiniú Ionad Ealaíon iarratas a dhéanamh. Maidir leis seo, beidh orthu a chur in iúl go soiléir conas a chomhlíonann siad uaillmhian an ghlao seo ar thograí ar an tuiscint go mbeidh eintiteas/compántas/comharghrúpa nua á chruthú ag na hiarratasóirí rathúla.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, **ní mór** don iarratasóir na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Lonnaithe/i do chónaí i bPoblacht na hÉireann nó Tuaisceart Éireann. Breithneoimid d'iarratas má tá tú lonnaithe lasmuigh d'Éirinn, ach bheadh ar d'iarratas a chur ina luí

[1] Is féidir le heagraíochtaí nó iarratasóirí aonair nach bhfuil bunaithe go foirmiúil mar CLG nó DAC iarratas a dhéanamh ar an tuiscint go ngabhfaidh siad orthu féin corprú go foirmiúil mar CLG más rud é go n-éiríonn lena n-iarratas.

orainn go rachadh do thogra chun leasa na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann (féach rannán 1.8 de na treoirlínte maidir le gníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann).

- Cóiréagrafaithe gairmiúla atá á gcleachtadh, damhsóirí gairmiúla, ealaíontóirí ildisciplíneacha atá fréamhaithe sa ghluaiseacht, coimeádaithe a bhfuil saineolas acu ar an damhsa, nó stiúrthóirí feidhmiúcháin a bhfuil saineolas acu ar phríomhchompántais damhsa.

**Is dócha gur eintiteas é an t-iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi atá comhdhéanta de mheascán díobh seo a leanas:**

- Eintiteas nua atá bunaithe, faoi cheannaireacht nó a fhaigheann tacaíocht ó ghairmithe le taithí i limistéar na hamharclannaíochta agus/nó an damhsa agus/nó cruthaitheoir saothair do luchtanna féachana/éisteachta mórscála
- Cuntas teiste suntasach a bheith agat i bhforbairt chruthaitheach agus i léiriú/coimeádaíocht damhsa
- Eintiteas nua a chruthaigh compánta(i)s léiriúcháin/cur i láthair reatha agus/nó iona(i)d ealaíon ag a bhfuil cuntas teiste láidir ar dhamhsa a léiriú ar ardchaighdeán.

Mar chuid dá Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Siúil, nó cúlra socheacnamaíoch. Sa scéim mhaoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

## 1.4 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an t-eintiteas/eagraíocht/comharghrúpa a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus beidh ar an duine nó ar an eagraíocht sin glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh faoina n-eagraíocht aonair nó ARN do **Chéim 1 amháin.** Ceanglófar ar iarratasóirí ar an ngearrliosta a théann ar aghaidh chuig **Céim 2 ARN nua a chruthú** le hainm beartaithe an eintitis/na heagraíochta/an chomharghrúpa.

I gcás iarratasóirí ar an ngearrliosta, ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra (mar ealaíontóir aonair nó eagraíocht ealaíon) – e.g. má dhéanann tú iarratas ar mhaoiniú faoin ainm Newtown Theatre, ní mór go mbeadh gach cáipéis a chuireann tú isteach, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Baile Nua Arts Centre Ltd.

### 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Áirítear na daoine seo a leanas i measc na ndaoine nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh:

- Iarratasóir aonair (éilíonn an t-iarratas seo beirt ar a laghad i róil ar leith – e.g. stiúrthóir ealaíne agus stiúrthóir feidhmiúcháin/cathaoirleach nó eagraíocht ealaíon)
- Iarratais/tograí a bhfuil maoiniú á lorg acu le tacú le hoiliúint ghairme/fochéime nó iarchéime
- Iarratais nach léiríonn an difríocht idir an t-iarratas seo agus an saothar atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon faoi láthair.

### 1.6 Cad í an tréimhse mhaoinithe lena mbaineann an clár?

Beidh maoiniú ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl sa tréimhse 24 mí a bheidh ag tosú sa chéad ráithe 2024 go dtí an ráite deireanach 2025. Tá sé beartaithe go dtacóidh maoiniú do 2023 le costais bhunaithe agus le forbairt gníomhaíochtaí. Ní iarrfar sonraí na gcostas socraithe ach ar iarratasóirí ar an ngearrliosta i gCéim 2.

Forchoimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart maoiniú a thairiscint ar feadh tréimhse ama níos giorra.

### 1.7 Cad é an t-uasmhéid maoinithe ar féidir iarratas a dhéanamh air?

Déanfar an méid iomlán seo a mhiondealú sna huasmhéideanna atá ar fáil. Tabhair faoi deara gur chun críocha pleanála amháin atá na méideanna táscacha seo agus nach ionann iad ar bhealach ar bith agus tiomantas do mhaoiniú.

Is é seo a leanas an t-uasmhéid in aghaidh na bliana thar na trí bliana maoinithe:

| | |
|---|---|
| **2023** | **€500,000** |
| **2024** | **€2,000,000** |
| **2025** | **€2,500,000** |

### 1.8 Cad iad na gníomhaíochtaí ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Féachfaidh Comhairle Ealaíon na hÉireann agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (ACNI) le bheith ag obair le chéile chun creat uile-oileáin a fhorbairt chun tacú le gníomhaíochtaí ar bhonn uile-oileáin. Faoi láthair, beidh ar iarratasóirí iarratas ar leith a dhéanamh chuig ACNI le haghaidh gníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann.

I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu tá iad siúd a chuireann ar do chumas an compántas damhsa a oibriú agus a reáchtáil, lena n-áirítear.

- Rinceoirí, foireann tacaíochta, ceannaireacht agus bainistíocht chompántais a fhostú
- Ealaíontóirí neamhspleácha, daoine cruthaitheacha agus gairmithe a fhostú chun taighde a dhéanamh ar saothar a tháirgeann an compántas chomh maith lena chruthú, a tháirgeadh, a thabhairt ar camchuairt, a chur chun cinn agus a mhargú
- Saothar agus athléirithe nua a choimisiúnú, a léiriú agus a chur i láthair don stáitse, lasmuigh, scannán agus do mheáin eile
- Léiriúcháin a chur i láthair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta
- Saothar an chompántais a chur chun cinn, a mhargú agus a dhíol
- Lucht féachana/éisteachta a thógáil ar fud an oileáin
- Ealaíontóirí a fhorbairt agus foirm ealaíne an damhsa
- Rannpháirtíocht leis an damhsa a chur chun cinn
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt
- An earnáil damhsa a neartú ar fud an oileáin
- Tacú le sláinte agus folláine bhaill an chompántais.

Tá gníomhaíochtaí a bhfuil malartú, comhoibriú nó comhléiriú idirnáisiúnta mar chuid díobh incháilithe ar an gcoinníoll go léirítear go soiléir go rachaidh siad chun tairbhe an phobail, d'ealaíontóirí nó do na healaíona i bPoblacht na hÉireann agus go n-íocfaidh comhpháirtithe thar sáile cuid de na costais ábhartha a bhaineann leis an ngníomhaíocht.[2]

### 1.9 Cé na gníomhaíochtaí nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i dtaobh gníomhaíochtaí a bhfuil aon cheann de na ráiteas seo a leanas fíor ina leith:

- Ní oireann an ghníomhaíocht do chuspóir an chláir
- Gníomhaíochtaí ina ndírítear ar shaothar ealaíontóra aonair (e.g. stiúrthóir ealaíne)
- D'oirfeadh an ghníomhaíocht ní b'fhearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit nó foras maoinithe eile, amhail Cultúr Éireann
- Cuireadh an ghníomhaíocht ar siúl cheana féin nó cuirfear tús léi sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas
- Tá sé mar aidhm leis an ngníomhaíocht airgead a thiomsú do charthanas nó brabús a dhéanamh nó is iontráil do chomórtas í
- Rinne an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaíocht a mheas cheana, ach amháin má moladh duit iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain seo. Mar sin féin, ní chinntíonn sin go n-éireoidh le d'iarratas.

[2] Tá tuilleadh eolais i straitéis na Comhairle Ealaíon *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Beartas agus Straitéis maidir leis na hEalaíona Idirnáisiúnta*.

### 1.10 Cé na costais ar féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní mór go mbainfeadh na costais ar fad go díreach leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear leis an togra.

Is féidir iarratas a dhéanamh i leith na gcineálacha costas seo a leanas:

- Pá agus táillí do thaibhealaíontóirí gairmiúla, do chruthaitheoirí agus do bhaill foirne eile atá riachtanach chun an ghníomhaíocht a sholáthar*
- Forchostais/costais riaracháin **atá cuí agus i gcomhréir** leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat, lena n-áirítear costais phleanála agus ullmhúcháin;
- Costais a bhaineann le spás nó le stiúideo
- Trealamh, spás nó ionad tionóil a fháil ar cíos más cuid lárnach é de na gníomhaíochtaí a chur ar siúl
- Trealamh a cheannach nuair a chinntíonn sé seo luach níos fearr ar airgead ná trealamh a thabhairt amach ar cíos
- Costais a bhaineann le margaíocht agus caidreamh poiblí;
- Costais díolacháin
- Costais tiomsaithe airgid
- An compántas a bhunú, a rialú agus a bhainistiú.

Chomh maith leis na costais thuasluaite, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon breithniú ar chostais a bhaineann go sainiúil le healaíontóirí faoi mhíchumas a bheith ag saothrú ealaíne. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba chóir duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

| | |
|---|---|
| *** Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D'fhoilsíomar beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Tá súil againn go léann tú an beartas seo sula ndéanann tú d'iarratas agus go gcuireann na prionsabail sa bheartas bonn eolais faoin gcur chuige atá ag d'eagraíocht maidir le híocaíocht d'ealaíontóirí. Iarrfar ort, mar chuid den phróiseas iarratais, an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta do na healaíontóirí a oibríonn leat a leagan amach. Cabhróidh sé seo linn indéantacht d'iarratais a mheas. |

**Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[3] faoi mhíchumas**

Anuas ar an uasmhéid atá ceadaithe, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon measúnú ar chostais rochtana a bhaineann go sonrach le saothair a dhéanann ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil costais neamh-chaipitiúla rochtain an

[3] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta. I dtéarmaí níos leithne, ciallaíonn sé seo aon duine atá páirteach sna healaíona ar aon bhealach ag aon leibhéal e.g. ag freastal ar imeacht, ag léamh leabhair, ag féachaint ar thaibhléiriú.

phobail acu (e.g. tráchtaireacht fuaime, ateangaireacht) i gcásanna a bhfuil toradh poiblí ag baint le do thogra.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear: 'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú do chostais rochtana, ba cheart duit an fhaisnéis seo a leanas a uaslódáil le d'iarratas:

- Cáipéis ghairid ina dtugtar achoimre ar do chostais rochtana bhreise
- Méid do chostais rochtana sa rannán caiteachais de bhuiséad d'fhoirme iarratais. Ba cheart an figiúr sin a áireamh leis an méid iomlán a iarrann tú freisin.

**Cad is Costas Rochtana ann?**

Clúdaíonn costais rochtana aon riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ag ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas, ionas go mbaintear aon chonstaic a d'fhéadfadh cosc a chur ort do thogra a chríochnú. D'fhéadfadh costais i gcomhair am breise atá ag teastáil chun gné do thogra a chríochnú nó cúnamh sa bhreis chun do ghníomhaíocht mholta a sholáthar a bheith san áireamh, mar shampla.

- **Tabhair faoi deara:** sa chás go bhfuil na costais rochtana á n-iarraidh agat, ba cheart duit eolas a chur san áireamh faoi na costais chéanna agus an chaoi ar tháinig tú orthu mar chuid de do cháipéisíocht tacaíochta (féach rannán 1.7 thíos).

### 1.11 Cé na costais nach féidir liom iarratas a chur isteach ina leith?

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Costais nach n-oireann do chuspóir an chláir
- Forchostais leanúnacha nó costais riaracháin i gcás nach bhfuil an caidreamh leis na gníomhaíochtaí ealaíne soiléir.

### 1.12 Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an Chomhairle Ealaíon a bhfuil measúnú á dhéanamh aici ar d'iarratas agus chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe, caithfidh tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

### 1.13 Céim 1

Tá an t-ábhar tacaíochta seo a leanas éigeantach i **ngach** cás:

1. **Foirm iarratais** chomhlánaithe.

2. Teimpléad um **Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR)** comhlánaithe. Teimpléad Microsoft Excel é seo atá ar fáil le haghaidh **2024 agus 2025.** Is féidir é seo a íoslódáil ón leathanach 'Maoiniú ar Fáil' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.[4]
3. **Clár ealaíne:** forbhreathnú ardleibhéil ar an gclár gníomhaíochtaí do na blianta 2024-25 le réasúnaíocht tacaíochta (e.g. gníomhaíochtaí ealaíne, léiriúcháin, rannpháirtíocht, camchuairt/scaipeadh, comhléiriúcháin/comhpháirtíochtaí, coimisiúin). Tá sé beartaithe faisnéis atá san áireamh san fhoirm iarratais agus san a fhorbairt . Sonraigh aon phríomh-chomhpháirtíochtaí ealaíne agus comhshaothair le heagraíochtaí eile in Éirinn agus thar lear (10 leathanach ar a mhéad formáidithe le Arial 12 pt).
4. **Trí** shampla ar a laghad (agus **sé** shampla ar a mhéad) **d'obair a rinneadh cheana** ina léirítear do chumas chun an clár oibre agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat a chur i gcrích, lena n-áirítear grianghraif agus/nó íomhánna ina dtaispeántar na caighdeáin léiriúcháin, a chur isteach. D'fhéadfadh saothar atá coimeádaithe agus cláraithe a bheith san áireamh.
5. **Cvanna** na bpríomhealaíontóirí agus na bpearsanra deimhnithe ar fad chun an clár oibre beartaithe a chur ar siúl (dhá leathanach ar a mhéad in aghaidh an duine). I gcás nach bhfuil na healaíontóirí deimhnithe, ba cheart duit cáipéis a chur isteach ina leagtar amach cén chaoi a sainaithneofar ealaíontóirí, agus/nó na cineálacha ealaíontóirí a bhfuil sé ar intinn agat tacú leo leis an maoiniú seo.

**Céim 2**

**Ní rachaidh ach iarratasóirí ar an ngearrliosta** ar aghaidh chuig Céim 2 agus déanfaidh an Chomhairle Ealaíon teagmháil leo agus iarrfar orthu an méid seo a leanas a chur isteach:

**1.** **Plean eagraíochtúil**: leag amach struchtúr compántais/eagraíochta beartaithe go soiléir, lena n-áirítear na príomhróil agus nádúr na fostaíochta (lánaimseartha/páirtaimseartha, scálaí pá/faisnéis faoi phá agus coinníollacha, conradh chun seirbhísí a sholáthar, etc.) agus, (nuair is féidir) ainmneacha aonair na bpríomhphearsanra. Ba cheart go dtabharfadh an plean seo mionsonraí freisin ar do chur chuige maidir le do bhord stiúrtha a earcú.

**2.** **Teimpléad Buiséid le haghaidh Gníomhaíochtaí**: buiséad mionsonraithe i dtaca le **gach ceann de na gníomhaíochtaí aonair i do thogra ó Chéim 1** – anuas ar an AAR a cuireadh isteach i gCéim 1. Ba cheart costais socraithe do 2023 a chur san áireamh anseo. **Tabhair faoi deara:** ba cheart na cáipéisí sin a uaslódáil mar cháipéisí Microsoft Excel nó OpenOffice amháin, **ní** i bhformáid PDF.

| | |
|---|---|
| **Nóta i dtaobh tacaíocht chomhchineáil** | Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit |

[4] Ar an ábhar gur glao nua é seo ar thograí, d'fhéadfadh an clár agus an buiséad a bheith amhantrach. Maidir le hiarratasóirí ar an ngearrliosta i gCéim 2, lorgófar MOUanna a léiríonn an cur chuige i leith comhpháirtíochta agus forbairt phleananna an iarratasóra.

caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: pé méid a dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim. Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil.

**3.** **Litreacha/meabhráin tuisceana (MOUanna)** ina ndeimhnítear tacaíocht ó aon phríomhpháirtithe ealaíonta nó gnó. Beidh d'iarratas níos láidre má chuirtear MOUanna comhaontaithe leis na comhpháirtithe isteach. I gcás nach bhfuil gach comhpháirtíocht deimhnithe go fóill, caithfear a léiriú i d'iarratas go bhfuil do chuid pleananna indéanta trí fhianaise a sholáthar de do chuntas teiste. Má tá iarratas á dhéanamh agat mar chompántas cláraithe, cuir d'uimhir chláraithe an chompántais leis, le do thoil.

**4.** **Féadfaidh** tú suas le trí chairt nó léirshamhlú sa bhreis ina dtaispeántar faisnéis ríthábhachtach a thacaíonn le gach a scríobh tú i d'iarratas a chur isteach – e.g. cairt eagraíochtúil, léirshamhlú den phlean forfheidhmithe, tábla ina bhfuil eochairtháscaire feidhmíochta cainníochtúil agus cáilíochtúil.

**5.** Tar éis an doiciméadacht thuas a chur isteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarratasóirí tuilleadh soiléirithe a sholáthar. Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon teagmháil dhíreach le hiarratasóirí Chéim 2 más amhlaidh an cás, ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a cuireadh ar fáil do Chéim 2.

**6.** Ceanglófar ar iarratasóirí Chéim 2 a gcuid tograí a chur i láthair an phainéil.

Tá an t-ábhar tacaíochta seo a leanas de dhíth i gcásanna **áirithe**:

**1.** Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (e.g. seirbhísí cultúrtha, áineasa agus oideachais) **do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois** beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm. Agus iarratas á dhéanamh agat, caithfidh tú a chur in iúl san fhoirm iarratais cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo nó nach mbaineann.

Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.

Má éiríonn leat, iarrfar ort Cosaint agus Féin-iniúchadh i gcomhair Leas Leanaí agus Dearbhú Cáilíochta de chuid na Comhairle Ealaíon a chur i gcrích ar https://childprotection.artscouncil.ie/. Téigh chuig www.tusla.ie le tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Tús Áite do Leanaí.

Éileofar ort freisin do chuid sonraí a nuashonrú sa táb faisnéise faoin bpróifíl sa chuntas Seirbhísí ar Líne (gabh chuig an rannán chun do chuntas a nuashonrú chun sin a dhéanamh).

**2.** Má tá obair le daoine soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit a dhearbhú go gcloíonn tú leis an mbeartas agus na nósanna imeachta náisiúnta um chosaint daoine

soghonta atá i mbaol mí-úsáide (féach anseo) ("Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse – National Policy and Procedures").

**3.** Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, caithfidh tú cóip den bheartas agus nósanna imeachta um chosaint ainmhithe de do chuid a chur ar fáil. Chun treoir a fháil, féach ar *An Chreatlach um Leas Ainmhithe arna gCur i Láthair sna hEalaíona* de chuid na Comhairle Ealaíon atá ar fáil anseo.

**Tabhair faoi deara:** iarraimid ort gan ach na cáipéisí riachtanacha agus na hábhair thacaíochta a shíleann tú atá ríthábhachtach chun tacú le d'iarratas a chur isteach. Tá an seans ann nach léifear ábhar tacaíochta roghnach má chuirtear an iomarca ábhar tacaíochta isteach. Dá bhrí sin, ba cheart duit a chinntiú go n-áirítear aon fhaisnéis thábhachtach san iarratas, agus go ndéantar tagairt don fhaisnéis sin sa chlár ábhar leis na huimhreacha leathanaigh ar a bhfuil an t-ábhar tacaíochta ábhartha ar fáil.

**Ní ghlacfaimid** le ceann ar bith díobh seo a leanas mar chuid de d'iarratas:

- Ábhar tacaíochta ar bith nach n-uaslódáiltear mar chuid de d'iarratas ar líne
- Aon ábhar tacaíochta ar bith a chuirtear isteach i ndiaidh an spriocdháta le haghaidh iarratas.

**Tabhair faoi deara:** Mura gcuirtear foirm iarratais chomhlánaithe agus na cáipéisí uile a liostáiltear thuas atá ábhartha don iarratas ar fáil, measfar go bhfuil an t-iarratas **neamh-incháilithe** agus scríobhfar chugat chun a insint duit nár éirigh leis an iarratas dul chomh fada leis an gcéim mheasúnaithe.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí saothair a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí aonair le d'iarratas.

### 1.14 Próiseas iarratais agus roghnúcháin - Déan tagairt do 4.0 le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Spriocdháta Chéim 1, an 27 Iúil 2023** – iarratais a chur isteach ar líne.

**Spriocdháta Chéim 2, an 14 Meán Fómhair 2023** – tuilleadh ábhair a chur isteach ar líne.

**Cur i láthair Chéim 2 – Deireadh Fómhair 2023, dáta le deimhniú.**

### 1.15 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má:

- Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
- Níor chomhlánaigh tú gach rannán den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
- Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i rannán **1.3** agus i rannán **1.5** thuas.

- Chuir tú isteach ar mhéid maoinithe atá níos mó ná an t-uasmhéid a cheadaítear don dámhachtain ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat, faoi mar atá leagtha amach i gcuid **1.7** thuas (ach amháin nuair atá tú ag déanamh iarratas ar mhéid breise chun costais rochtana a chlúdach).
- Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith faoi mar a leagtar amach i rannáin **1.8-1.11** thuas.
- Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid **1.12** thuas ar fáil.
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

## 2. An dóigh a ndéanaimid d'iarratas a mheasúnú agus a scóráil

Bunóimid ár measúnú ar d'iarratas ar na critéir seo a leanas:

1. Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon
2. Rannpháirtíocht
3. Cumas eagraíochta
4. A mhéid a d'fhéadfadh an togra a bheith ríthábhachtach do bhonneagar na n-ealaíon
5. Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais trí úsáid a bhaint as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil san iarratas, eolas ar obair d'eagraíochta **roimhe seo**, ar thírdhreach na n-ealaíon i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Déanfar measúnú ar d'iarratas agus tabharfar trácht gairid agus scór aonair dó le haghaidh gach ceann de na cúig chritéar.

### 2.1 Critéar 1: Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon

Cuirfear san áireamh freisin comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíne don togra. Déanfaimid measúnú ar chuntas teiste na ndaoine sonraithe agus ar an gcaoi a bhféadfadh torthaí an togra na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

- Obair ealaíne agus/nó imeachtaí, gníomhaíochtaí, seirbhísí den chéad scoth agus/nó
- Deiseanna iontacha d'ealaíontóirí agus/nó gairmithe ealaíon chun a gcleachtas a fhorbairt agus/nó chun saothar ardchaighdeáin a chruthú nó dul i ngleic le saothar ardchaighdeáin.

Nuair a bhaineann sé le do thogra, déanfaimid measúnú ar a mhéad atá comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ag cur le caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon in Éirinn.[5]

### 2.2 Critéar 2: Rannpháirtíocht

I gcomhthéacs mheasúnú na n-iarratas le haghaidh maoinithe, beartaíonn an Chomhairle Ealaíon go gciallódh an téarma 'rannpháirtíocht' an caighdeán idirghníomhaithe a bhíonn ag do thogra leis na daoine aonair a mbíonn sí ag oibriú leo agus/nó an pobal ar a bhfreastalaíonn sí.

Tuigimid go n-oibríonn eagraíochtaí ealaíon ar bhealaí difriúla agus go bhfreastalaíonn siad ar na riachtanais a bhíonn ag cineálacha éagsúla pobal, rannpháirtithe agus comhoibrithe, lucht féachana, oibrithe deonacha agus ealaíontóirí nó cleachtóirí eile ealaíon. Agus d'iarratas á mheas againn, cuirfimid na nithe seo a leanas san áireamh:

- Cuntas teiste sa rannpháirtíocht

[5] Féach ar Bheartas Idirnáisiúnta na Comhairle Ealaíon.

- Do ghníomhartha beartaithe agus torthaí intomhaiste chun rannpháirtíocht a chinntiú
- Áit a bhfuil leanaí agus daoine óga ar do spriocghrúpa príomha nó i measc na bpríomhghrúpaí ar a bhfreastalaítear, na deiseanna a chuireann tú ar fáil do leanaí le bheith rannpháirteach sna healaíona; agus an bealach a mbíonn leanaí rannpháirteach i do chinnteoireacht.

Déanfaimid measúnú freisin ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist agat do ghníomhaíochtaí agus torthaí a mheas

**Tabhair faoi deara:** mura mbíonn do thogra ag plé leis an bpobal go díreach, ba cheart duit a insint dúinn faoi do rannpháirtíocht leis na healaíontóirí nó na gairmithe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon a gcomhoibríonn tú leo nó a bhfreastalaíonn tú orthu.

**An dteastaíonn tuilleadh treorach maidir le rannpháirtíocht uait?**

Tá treoir bhreise maidir leis an rannán seo den fhoirm a chomhlánú ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag http://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Rannphairtiocht-an-phobail/

I gcás eagraíochtaí a bhfuil treoir á lorg acu faoi conas is féidir leo páirt a thabhairt do dhaoine óga ina gcinnteoireacht, d'fhéadfadh go mbeadh an creat ina chabhair dóibh: https://hubnanog.ie/participation-framework/

### 2.3 Critéar 3: Cumas eagraíochta

- Leis an gcritéar seo, déanfaimid measúnú ar chuntas teiste léirithe do thogra agus ar an gcaoi a bhféadfadh na tograí atá beartaithe agat ardchaighdeán a bhaint amach maidir le rialachas agus bainistíocht sna healaíona
- Do chur chuige chun pá cóir agus coinníollacha córa a chinntiú d'ealaíontóirí*
- Caighdeán agus buntáistí na gcomhpháirtíochtaí a ndéanann tú cur síos orthu a chabhraíonn leat do chuspóirí a bhaint amach agus misean d'eagraíochta a chur chun cinn
- An fhaisnéis airgeadais a chuirtear ar fáil.

### 2.4 Critéar 4: A mhéid a d'fhéadfadh an togra a bheith ríthábhachtach do bhonneagar na n-ealaíon

Tar éis na hiarratais a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne na gcritéar thuas, déanfaimid na hiarratasóirí a scóráil bunaithe ar a ríthábhachtaí atá siad, dar linn, d'fhorbairt straitéiseach na n-ealaíon ina bhfoirm ealaíne nó ina gcleachtas ealaíon ar leith.

Beidh an dóigh a ndéanfaimid measúnú air sin ag brath ar an méid seo a leanas:

- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon ina bhfuil d'eintiteas/eagraíocht/comharghrúpa ag feidhmiú
- An cineál oibre a dhéanfaidh tú
- An pobal nó na daoine ar a bhfreastalóidh tú
- An comhthéacs áitiúil agus/nó náisiúnta ina bhfeidhmeoidh tú

- An gá lena chinntiú go dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon le réimse agus cothromaíocht chuí oibre.

Cuirfear bonn eolais faoi sin le straitéis fhoriomlán deich mbliana na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, agus le beartais i dtaobh foirm ealaíne agus cleachtas ealaíon agus beartais chorparáideacha.

## 2.5 Critéar 5: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

Faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas dlíthiúil dearfach ar an gComhairle Ealaíon [6] le haird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le leithcheal, chun comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a úsáideann a seirbhísí a chosaint. I gcomhréir leis an dualgas sin, ceanglaímid ar eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach agus Ionaid Ealaíon cloígh leis an dualgas sin agus le bearta réamhghníomhacha a dhéanamh le comhionannas rochtana agus deise a chinntiú sna hoibríochtaí agus sna seirbhísí a sheachadann siad. Cumhdaítear[7] deich mbonn leithcheala i mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon. Is iad sin: inscne; claonadh gnéis; stádas pósta; stádas teaghlaigh; creideamh; aois; míchumas; cine; duine den Lucht Siúil; agus stádas socheacnamaíoch. Chun chabhrú leat chruthaíomar Sraith Straitéisí: [Sraith Straitéisí i gcomhair Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta | An Chomhairle Ealaíon]

**Tabhair faoi deara**: déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais rochtana bhreise a bhaineann go sonrach le tacú le healaíontóirí atá faoi mhíchumas agus le rochtain a fheabhsú le haghaidh luchtanna féachana, rannpháirtithe agus oibrithe deonacha atá faoi mhíchumas a bhreithniú.

Faoi na critéir sin, déanfaimid measúnú ar an méid seo a leanas:

- An méid a léiríonn do thogra feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta (e.g. neamhionannas a aithníodh, easpa ionadaíochta, easpa rochtana) agus conas a bhaineann na saincheisteanna sin le do thogra
- Cáilíocht agus oiriúnacht aon ghníomhaíocht agus tiomantas beartaithe le bheith níos ionchuimsithí
- Má aithníodh soláthar áirithe chun rochtain ar sheirbhísí a áirithiú[8]

---

[6] Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais na hÉireann, 'Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine', https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty

[7]Féach arBheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimhsitheacht na Comhairle Ealaíon.

[8] Mar shampla, d'fhéadfaí smaointí nó bearta sonracha maidir le rochtain fhisiciúil le haghaidh ealaíontóirí in ionaid tionóil, ag imeachtaí, etc. nó suíomhanna gréasáin, cláir, fotheidil inrochtana nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le haghaidh luchtanna féachana a áireamh ann.

- Aon rannchuidiú sonrach a dhéanann an eagraíocht/comharghrúpa leis an éiceolaíocht níos leithne maidir le huaillmhianta na Comhairle Ealaíon don éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsitheacht.

Beimid ag súil le fianaise a fheiceáil ar thiomantas maidir le dhá sprioc EDI ar a laghad i d’iarratas. Ba cheart go mbainfidís sin le tosaíochtaí do thogra agus molaimid go ndíríonn tú ar sprioc amháin a dhíríonn ar an eagraíocht go hinmheánach (e.g. forbairt foirne, boird, nó oibrithe deonacha) agus ar cheann amháin a dhíríonn ar nithe seachtracha (e.g. forbairt luchtanna féachana/éisteachta nó comhpháirtíochta. Cinntigh le do thoil go soláthraíonn tú an fhianaise seo nó cinnfear do scór de réir an méid atá san áireamh i d'iarratas.

## 2.6 Conas a chinntear na scóir?

Bainfidh an Chomhairle Ealaíon úsáid as córas scórála. Tá sé i gceist ag an gcóras seo cabhrú leat tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndearnadh an t-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon d’iarratas gach critéar. Féadfaidh na measúnóirí scór a bhronnadh go dtí an 0.5 is gaire.

Tá deich scór fhéideartha a d'fhéadfaí a úsáid. Seo a leanas iad:

| Scór uimhriúil | Cur síos | Míniú |
|---|---|---|
| 6.0 | Go hlontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. |
| 5.5 | | Ag barr ‘Sármhaith’. |
| 5.0 | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go háititheach agus go rathúil san iarratas. Níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann. |
| 4.5 | | Ag barr “Go hAn-Mhaith”. |
| 4.0 | Go hAn-Mhaith | Pléitear na critéir go han-mhaith san iarratas. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| 3.5 | | Ag barr ‘Go Maith’. |
| 3.0 | Go maith | Pléitear cuid mhaith de na critéir go maith san iarratas ar an iomlán, ach tá roinnt bearnaí ann. |
| 2.5 | | Idir “Maith go Leor” agus “Go Maith” |
| 2.0 | Maith go leor | Pléitear na critéir ar bhonn bunúsach, ach tá réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir. |
| 1.5 nó níos ísle | Dona go leor | Níor cuireadh dóthain faisnéise mionsonraithe ar fáil san iarratas le bheith in ann measúnú a dhéanamh de réir na gcritéar. |

**Tabhair faoi deara:** Seans **nach** molfar iarratas i gcomhair maoiniú má fhaightear **1.5** nó níos ísle in aghaidh **aon** chritéir.

Déanfar an scór faoi gach critéar a iolrú ar mhaithe le rátáil chéatadáin a fháil, sa bhealach seo a leanas:

| | Ualú | Céatadán |
|---|---|---|
| Caighdeán ealaíonta agus forbairt | (4.167) | 25.0% |
| Rannpháirtíocht | (4.167) | 25.0% |
| Cumas eagraíochta | (3.333) | 20.0% |
| Ríthábhachtach don bhonneagar | (3.333) | 20.0% |
| Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht | (1.667) | 10.0% |
| **Iomlán** | | **100.0%** |

Seo léiriú den chuma a bheadh ar thacar iomlán de scóir i dtéarmaí céatadáin:

| | Scór | Ualú | Céatadán % |
|---|---|---|---|
| Caighdeán ealaíonta agus forbairt | 5.5 | (4.167) | 22.9% |
| Rannpháirtíocht | 4.5 | (4.167) | 18.8% |
| Cumas eagraíochta | 5.0 | (3.333) | 16.7% |
| Ríthábhachtach don bhonneagar | 4.0 | (3.333) | 13.3% |
| Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht | 4.5 | (1.667) | 7.5% |
| **Iomlán** | **23.5** | | **79.2%** |

## 2.7 An bhaint atá ag scóir le tairiscintí maoinithe

Cé go mbeidh ról suntasach ag scóir maidir le tairiscintí a dhéanamh, ní hiad an t-aon toisc amháin iad. Tiocfaidh méideanna an mhaoinithe a bhronnfar leis an mbuiséad foriomlán atá ar fáil, i gcomhar leis na critéir mar atá mínithe sa rannán seo.

## 2.8 Comhaontuithe maoinithe, lena n-áirítear Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Cúnamh Airgeadais d’iarratasóirí rathúla

Mar a leagtar amach sna Coinníollacha maidir le Cúnamh Airgeadais dár gcuid, tá leibhéil éagsúla riachtanas tuairiscithe ag an gComhairle Ealaíon. Tá siad bunaithe ar an méid maoinithe atá á thairiscint agus ar láimhdeachas d'eagraíochta. Má dheonaítear maoiniú straitéiseach ar d’eagraíocht, beidh ort ceanglais mhonatóireachta shonracha a chomhlíonadh maidir le lucht féachana agus éisteachta, rannpháirtíocht an phobail,

forbairt ealaíne agus na foirme ealaíne, agus samhail oibriúcháin, de réir thosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear na riachtanais tuairiscithe sin san áireamh mar chuid de do chomhaontú maoinithe a chuirfear chugat. Beidh oraibh comhaontú leo sin sula bhfaighidh sibh maoiniú.

## 3. D'iarratas a dhéanamh

| | |
|---|---|
| Is é an spriocdháta i gcomhair na n-iarratas | **5.30pm, Déardaoin, an 27 Iúil 2023** |

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

### 3.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí Ar Líne. **Ní** ghlacfar le hiarratais a sheoltar sa phost, ar facs, ar ríomhphost ná a leagtar isteach de láimh.

**Ní mór** duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo:
https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de cúig lá oibre gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh d'Uimhir Thagartha Ealaíontóra (ARN) uathúil agus pasfhocal nach mór duit a úsáid agus tú ag logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

#### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| Ríomhaire | Windows 7 nó níos déanaí<br>le<br>**Internet Explore**r 8.0 nó níos déanaí, **Firefox 27** nó níos déanaí nó **Chrome 33** nó níos déanaí |
| Mac | Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí<br>le<br>Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí<br>Tabhair faoi deara: má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, uasghrádaigh brabhsálaí Safari, nó úsáid Firefox nó Chrome |

#### Úsáideoirí OpenOffice

**Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid.**

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos.

Ba cheart d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt ar an rannán a phléann le leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil an leagan is déanaí de Mac OS suiteáilte air.

**Tabhair faoi deara: Teastaíonn OpenOffice 4.1.7 nó leagan níos déanaí ó Mac OS X 10.15 Catalina agus ó leaganacha níos déanaí.**

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Téigh i dtaithí ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne **tamall maith** roimh an spriocdháta agus sula dtosaíonn tú ag ullmhú d'iarratais.

Cuimhnigh gur dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh gréasáin tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach **tamall maith roimh an spriocdháta.**

Cinntigh go mbeidh go leor ama agat chun d'iarratas a uaslódáil. Ná dearmad go bhféadfadh an t-am uaslódála bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála; mar sin d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, déan teagmháil linn.

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200/01 618 0243

Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn **tamall maith roimh** an spriocdháta.

## 3.2 Déan an fhoirm iarratais a íoslódáil

1. Logáil isteach ar Sheirbhísí ar Líne (OLS).
2. Ar an leathanach baile in OLS, cliceáil ar an gcnaipe '**Déan iarratas'**.
3. Ar an scáileán '**Iarratas a Dhéanamh**', roghnaigh príomhtheagmhálaí d'eagraíochta don iarratas seo agus cliceáil '**Ar aghaidh'**. Ba cheart go dtaispeánfaí an scáileán '**1. Iarratas a dhéanamh: Roghnaigh clár maoinithe**'.
4. I rannán A, déan dhá rud.
   a. Ón liosta aníos '**Maoiniú**', roghnaigh do chlár maoinithe.
   b. Sa réimse '**Do thagairt**', clóscríobh tagairt uathúil le haghaidh d'iarratais. Cuideoidh sin leat d'iarratas a aithint ar do leathanach baile.

5. I rannán B, cliceáil na cnaipí chun na nótaí treorach agus an fhoirm iarratais a íoslódáil.

Chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú, **caithfidh** tú na bogearraí cearta a bheith agat.

- Microsoft Word agus Microsoft Excel **nó**
- OpenOffice Writer agus OpenOffice Calc; is féidir iad sin a íoslódáil ar http://www.openoffice.org

Cuimhnigh, comhlánóidh tú an fhoirm iarratais ar do ríomhaire agus ansin uaslódálfaidh tú trí na Seirbhísí Ar Líne í.

**Tabhair faoi deara:** má tá tú muiníneach go bhfuil d'fhoirm iarratais líonta isteach i gceart agus go bhfuil sí sábháilte mar chomhaid **.docx**, ach tagann fógra aníos ag rá nach féidir an fhoirm a uaslódáil, sábháil í mar chomhaid**.doc** agus déan iarracht í a uaslódáil arís.

### 3.3 Líon isteach an fhoirm iarratais

Nuair a bheidh an fhoirm íoslódáilte agat, lean na treoracha seo ar an dóigh a gcomhlánaítear an fhoirm (tabhair faoi deara go bhfuil an t-uasmhéid focal is féidir a úsáid san fhoirm iarratais ar fáil faoi gach teideal):

| | |
|---|---|
| **1. Maidir Leatsa** | Tá sé mar aidhm ag an rannán seo léargas ginearálta a thabhairt dúinn ar na hiarratasóirí agus ar a gcuid saineolais. |
| **2. Forbhreathnú ar an togra** | Tá sé i gceist leis an rannán seo forbhreathnú a thabhairt dúinn ar do thogra. |
| **2.1 Teideal** | Tabhair ainm an eintitis/an togra nua atá beartaithe. |
| **2.2 Ráiteas físe** | Tabhair achoimre ar d'fhís fhoriomlán . Sonraítear i do ráiteas físe do phríomhchuspóirí, gach a mbeartaíonn tú a bhaint amach, agus na hathruithe a bhfuil tú ag súil le cur i bhfeidhm sa tréimhse shonraithe.<br>Ba cheart go dtacódh na ráitis, na sonraí agus na príomhghníomhaíochtaí a chuireann tú ar fáil sa chuid eile den iarratas seo le do ráiteas misin agus le do ráiteas físe. Cuirfidh siad seo comhthéacs ar fáil dár measúnú ar d'iarratas. |

| | |
|---|---|
| **2.3 Ráiteas misin** | Tabhair achoimre ar do mhisean foriomlán . Is léiriú uileghabhálach é an ráiteas misin ar do chuspóir agus ar do d'uaillmhian maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann do thogra mian an ghlao seo ar thograí a fhorbróidh damhsa mar fhoirm ealaíne in Éirinn. Is dearbhú é ar an bhfáth a bhfuil ann do d'eagraíocht/eintiteas. |
| **2.4 Achoimre ar do thogra** | Déan achoimre, le trí phointe ghearra ar a mhéad, ar cad atá beartaithe agat a dhéanamh, conas a dhéanfaidh tú é sin agus cén fáth ar mhaith leat é a dhéanamh. **Tabhair faoi deara:** má éiríonn le d'iarratas, foilseofar an achoimre seo ar na leathanaigh **Cé atá Maoinithe againn** ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. |
| **2.5 Pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí** | Tabhair sonraí faoin gcaoi a gcinnteoidh tú go bhfaighidh ealaíontóirí pá agus coinníollacha córa. |
| **2.6 Forbhreathnú ar an mbuiséad** | Tabhair na suimeanna iomlána do d'ioncam agus do chaiteachas beartaithe sna trí bliana maoinithe a bhaineann leis an gclár seo. |
| **3. D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe** | Iarrtar ort sa rannán seo freagairt do na critéir mheasúnaithe trí fhreagra a thabhairt ar shraith ceisteanna. Is **ríthábhachtach** gach ceist a léamh go cúramach.<br>Leagtar an rannán seo amach de réir an oird ina gcuirtear na critéir mheasúnaithe i bhfeidhm.<br>**Tabhair faoi deara:** tabharfaidh tú sonraí maidir le do chlár beartaithe laistigh den teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon. |

### 3.4 Ullmhaigh an t-ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Féach ar rannán **1.12 Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?** (thuas).

**Ní mór** duit ábhar tacaíochta a uaslódáil le d'iarratas agus do thuairisc airgeadais. Mura n-uaslódálann tú ábhar tacaíochta, beidh d'iarratas neamhiomlán agus ní mheasfaimid é.

Má tá ábhar tacaíochta agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ba cheart duit é a scanadh le go mbeidh tú ábalta é a uaslódáil.

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Is iad seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo le haghaidh d'ábhair thacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| **téacschomhaid** | rtf, doc, docx, txt |
| **comhaid íomhá** | jpg, gif, tiff, png |
| **comhaid fuaime** | wav, mp3, m4a |
| **comhaid físe** | avi, mov, mp4 |
| **scarbhileoga** | xls, xlsx |
| **Comhaid Adobe Acrobat Reader** | pdf |

### Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí aonair le d'iarratas.

In áit d'ábhar a uaslódáil go díreach, is féidir nasc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil í mar cháipéis thacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

"Cé nach liosta iomlán é seo, ba shamplaí d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud, Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig suíomhanna gréasáin ar féidir comhaid a chomhroinnt orthu (e.g. Google Drive) ná le naisc chuig ardáin na meán sóisialta.

**Tabhair faoi deara:** ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar ábhar arna chur isteach agat de réir an nasc URL a gcuireann tú ar fáil. Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfaidh tú – i.e., go nascann sé i gceart le d'ábhar.
Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube le haghaidh d'iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a ainmniú mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh measúnóirí na Comhairle Ealaíon in ann breathnú air.

### Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc<br>russelljack gearrthóg taibhithe.mp4<br>russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 2.xls<br>russelljack nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 3.5 Athbhreithnigh an seicliosta don iarratas

Bain úsáid as an seicliosta seo chun súil a chaitheamh siar ar d'iarratas. Má tá na nithe ar fad ar an seicliosta agat, tá tú réidh le d'iarratas a uaslódáil agus a chur isteach.

**Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais (seiceáil gach ceann de na míreanna seo)**

- ☐ Tá na rannáin ábhartha uile den fhoirm iarratais comhlánaithe agus réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Tá teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon íoslódáilte agus ullmhaithe agam i Microsoft Excel/OpenOffice Calc.
- ☐ D'ullmhaigh mé agus bhailigh mé an t-ábhar tacaíochta atá ábhartha don iarratas agus tá sé réidh agam lena uaslódáil.

**An dara tuairim (seiceáil an mhír seo)**

- ☐ D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

## 3.6 Iarratas a dhéanamh ar líne

Tar éis duit d'fhoirm iarratais, buiséad achomair agus buiséid mhionsonraithe gníomhaíochtaí a chomhlánú, agus an t-ábhar tacúil a bhailiú, is féidir leat d'iarratas comhlánaithe a sheoladh isteach.

Chun é seo a dhéanamh, logáil isteach ar na Seirbhísí ar líne agus lean na treoracha ar an scáileán chun an t-iarratas a chríochnú.

## 4. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil

Bainimid úsáid as an ngnás a léirítear anseo chun iarratais a bhreithniú, cinneadh a dhéanamh fúthu agus iad a chur in iúl d'iarratasóirí. Cuidíonn seo linn a chinntiú go bhfuil ár gcóras maidir le cinntí a dhéanamh oscailte, cóir agus trédhearcach.

| | |
|---|---|
| **1** | I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:<br>• Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.<br>• Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.<br>• **Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnaithe.<br>**Mura bhfaigheann tú** ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie. |
| **2** | Nuair a fhaightear an t-iarratas, seiceálfar an bhfuil sé incháilithe. |
| **3** | Má chinntear nach bhfuil an t-iarratas incháilithe, mar nach dtagann sé le cuspóir na dámhachtana nó nach sásaítear na riachtanais ina n-iomláine, scríobhfar chugat chun a chur in iúl duit go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus nach ndéanfar an t-iarratas a mheasúnú. |
| **4** | Déanfar an t-iarratas a mheasúnú ar bhonn na gcritéar i rannán 2.1 de na treoirlínte seo. |
| **5** | Scríobhfaimid chuig gach iarratasóir ag cur in iúl dóibh cé acu atá nó nach bhfuil siad ar an ngearrliosta do Chéim 2 den phróiseas. |
| **6** | Comhlánóidh na hiarratasóirí ar an ngearrliosta na riachtanais iarratais do Chéim 2 den phróiseas seo. |
| **7** | Déanfaidh painéal ina mbeidh cathaoirleach na Comhairle Ealaíon, painéalaithe idirnáisiúnta, agus painéalaithe atá bunaithe in Éirinn athbhreithniú ar gach iarratas Chéim 2 agus ar gach ábhar tacaíochta. |
| **8** | Lorgófar soiléiriú breise más gá ón bpainéal ó iarratasóirí Chéim 2. |
| **9** | Cuirfidh iarratasóirí Chéim 2 a gcuid tograí faoi bhráid an phainéil ar lá an chur i láthair (lár mhí Dheireadh Fómhair, tá an dáta le deimhniú). |
| **10** | Molfaidh an painéal an t-iarratas leis an scór is airde don Chomhairle Ealaíon don dámhachtain mhaoinithe seo. |
| **11** | Breithneoidh an Chomhairle Ealaíon moladh an phainéil agus déanfaidh sí an cinneadh deiridh. |
| **12** | Cuirfear iarratasóirí Chéim 2 ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais ag an bpointe seo. |

**13** Eiseofar an tairiscint mhaoinithe agus aon choinníollacha ceangailte don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi.